

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo?      What did you do this week?  
*Bhí mé ag ...*      *I was at ...*  
*Chuaigh mé go (dtí an) ...*      *I went to (the) ...*  
*Chonaic mé ...*      *I saw ...*  
*D'ith mé ...*      *I ate ...*
  
2. An maith leat bheith ag breathnú ar sheancharanna?      Do you like looking at old cars?
  
3. An raibh tú riamh i musaeum nó ag taispeántas a raibh seancharanna ann?      Were you ever in a museum or at an exhibit in which there were old cars?
  
4. An bhfuil tú in ann carr a dheisiú?      Are you able to repair a car?

## Rothaí an tSaoil Feargal Mac Ionnrachtaigh

## Wheels of Life

1. Neadaithe i sléibhte iarthuaisceart  
Chorcaí ó Abhainn na Lao go dtí  
Abhainn an tSuláin tá Gaeltacht  
Mhúscraí  
Nestled in the mountains of northwest  
Cork from the River Lee to the River  
Sullane is the Muskerry Gaeltacht.
2. Maireann pobal daingean, ceolmhar,  
culturtha sna sé cheantar Gaeltachta *so*  
(seo),  
A resolute, musical and cultural  
community lives in these six Gaeltacht  
districts,
3. ó Baile Bhuirne go Baile Mhic íre, Cill  
na Martra go Réidh na nDoirí agus  
Cúil Aodha go dtí Béal Átha an  
Ghaorthaidh.  
from Ballyvourney to Ballymakeera,  
Kilnamartyra to Reananerree and  
Coolea to Ballingeary.
4. Pobal as ar shíolraigh amhránaithe,  
agus lucht traidisiún béil, atá spreagtha  
de shíor ag áilleacht nadúrtha na háite.  
A community from which has sprung  
singers and keepers of oral tradition,  
who are continually inspired by the  
natural beauty of the place.
5. Tá féiniúlacht an cheantair *so* le braith  
go láidir os na ndaoine agus iad ag cur  
a bpobal chun cinn le mórtas.  
The identity of this area can be felt  
strongly from the people as they proudly  
promote their community.
6. I mBéal Átha an Ghaorthaidh, tagann  
grúpa sóisialta le chéile gach tríú  
Domhnach le dul ar chamchuairt ina  
gcuid *seanacharr* táthar ag obair  
chomh mórálach astu. Sin iad an grúpa  
*Bangers and Bikes*.  
In Ballingeary, a social group comes  
together every third Sunday to go on a  
tour in their old cars which they are so  
proud of. That is the Bangers and Bikes  
group.
7. *Bangers and Bikes*, is mór an mhéad  
air ar shráidbhaile beag cosúil le seo; tá  
timpeall fiche nó mar sin faoi láthair  
sáite sa ghrúpa.  
Bangers and Bikes, it large for a small  
village like this; there are about twenty  
or so, at present, involved in the group.

8. Tá gach duine atá *anso* (anseo) ó Bhéal Átha an Ghaorthaidh agus is ait an rud é go raibh an méid sin *seanaghluaisteán* (seanghluaisteán) agus gluaisrothar timpeall na háite. Everyone here is from Ballineary and it's unusual that there were that many old cars and motorcycles around.
9. Agus nuair a thuigamar go raibh an méid sin díobh timpeall dúramar go mbeadh sé go deas go mbeadh siad ag teacht le chéile. And when we noticed that there were so many of them around here, we said it would be nice if they could come together.
10. Seo an ceathrú uair an samhradh seo. Deas daoine a bheith ag bualadh le chéile. Is dócha gurb é sin an príomh rud leis. This is the fourth time this summer. It's nice for people to be meeting together. I suppose that's the main thing, too.
11. Agus tá aoiseanna difriúla daoine ann chomh maith agus is deas bheith ag bualadh le daoine nach mbeifeá ag bualadh leo chomh minic *san* (sin). And there are people of different ages as well and it's nice to be meeting people that you would not meet with them so often.
12. Agus suí síos ar bord béile chomh maith ar an aistear timpeall. Is deas an rud é sin chomh maith. And to sit down for a meal during the trip. That is a nice thing as well.
13. Táimid ag dul ar thuras inniu leis na seanghluaisteáin agus gluaisrothair thart timpeall Iar Chorcaí. Tá éagsúlacht mór de ghluaisteáin agus gluaisrothair ann. We're going on a trip today with the old cars and motorcycles around West Cork. There is a great variety of cars and motorcycles.
14. Seo an Toyota Corolla Sprinter. Ba le mo dheartháir é, Mícheál, a fuair sé bás cúig cinn de bhlianta ó shin. Is é seo an gluaisteán a bhí aige ag an am. This is the Toyota Corolla Sprinter. It was my brother Michael's, who died five years ago. This is the car he had at the time.
15. Bhí sé istigh i scioból sa bhaile tígh mo mháthar le deich mbliana is dóigh liom. It was in a barn at home at my mother's place for ten years, I suppose.

16. Is deas chomh maith, bheith istigh i ngluaisteán mo dheartháir, chun an fhírinne a rá, ag dul timpeall ar na sosanna seo. It's nice, as well, to be inside my brother's car, to tell the truth, going around on these breaks.
17. Agus ar shlí, tá sé saghas linn chomh maith fad is a bhfuil a leithéid á dhéanamh againn. And in a way, he is kind of with us as long as we are doing this type of thing.
18. Gluaisteán mo dheirfiúr agus a fear céile, is Aston Martin é, an gluaisteán a bhí ag James Bond fadó agus ana-chuid suime á chur. My sister's car and her husband's, it's an Aston Martin, the car that James Bond had long ago and a lot of interest in it.
19. Tá sé lítear do inneall inti agus bhí air stopadh i gcomhair peitрил ar an mbealach siar agus b'fhéidir an mbealach abhaile chomh maith leis an inneall chomh mór *san*. There is a six-liter engine in it and he had to stop for petrol and the way west and perhaps on the way home as well with such a big engine.
20. Anois, tá sé in am bóthair agus na carranna galánta ag tabhairt aghaidh go hIarthar Chorcaí. Now, it's time for the road as the cars head to West Cork.
21. Tar éis cúpla uair a chloig taistil, tá Rinn Mhuintir Bháire bainte amach ag na Bangers and Bikes. After a few hours of travel, Sheep's Head (Muntervary) has been reached by Bangers and Bikes.

**Ceisteanna**

1. Cá bhfuil Múscraí suite?
2. Cé mhéad ceantar atá i Múscraí?
3. Cén saghas daoine atá luaite mar a bheith ó Mhúscraí?
4. Cad é *Bangers and Bikes*?
5. Cé chomh minic is a thagann siad le chéile?
6. Cén saghas carranna atá acu?
7. Cad a dhéanann siad le chéile?
8. Cér leis an Toyota Corolla Sprinter?
9. Cé leis an Aston Martin?
10. Cén fhadhb atá aga an Aston Martin?

**Questions**

- Where is Muskerry located?
- How many districts are in Muskerry?
- What kind of people are mentioned as being from Muskerry?
- What is *Bangers and Bikes*?
- How often do they come together?
- What kinds of cars do they have?
- What do they do together?
- Whose was the Toyota Corolla Sprinter?
- Who's is the Aston Marton?
- What problem does the Aston Marton have?